Déardaoin 24. Márta 2022

P9_TA(2022)0087

Iarraidh ar dhíoluine Ioannis Lagos a tharscaoileadh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Márta 2022 maidir leis an iarraidh go ndéanfaí díolúine Ioannis Lagos a tharscaoileadh (2021/2225(IMM))

(2022/C 361/04)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don iarraidh ón Leas-Ionchúisitheoir Poiblí ag Cúirt Chéadchéime na hAithne chun díolúine Ioannis Lagos a tharscaoileadh, arna tarchur i litir dar dáta an 10 Meán Fómhair 2021 ag Leas-Ionchúisitheoir na Cúirte Uachtaraí maidir le cúisimh choiriúla a d'fhéadfadh a bheith ann (Re. ABM: RB 2020/193-EG: 6-21/50), agus a fógraíodh sa suí iomlánach an 18 Deireadh Fómhair 2021,

— tar éis di éisteacht le Ioannis Lagos i gcomhréir le Riail 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint d'Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

— ag féachaint do bhreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019 ([1]),

— ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0055/2022),

A. de bhrí go ndearna an Leas-Ionchúisitheoir Poiblí ag Cúirt Chéadchéime na hAithne iarraidh ar dhíolúine pharlaiminteach Ioannis Lagos a tharscaoileadh chun tús a chur le himeachtaí coiriúla ina choinne ar fhorais ráiteas áirithe a rinne sé le linn díospóireacht iomlánach i bParlaimint na hEorpa;

B. de bhrí, an 14 Meán Fómhair 2020, le linn díospóireacht iomlánach i bParlaimint na hEorpa, go ndearna Ioannis Lagos dearbhuithe a líomhnaítear gur scaipeadh bréagnuacht sheineafóbach agus islamafóbach leo faoi imircigh in Moria;

C. de bhrí go líomhnaítear go bhfuil Ioannis Lagos, trí na ráitis sin a dhéanamh, ciontach i ngríosú poiblí chun foréigin agus fuatha i gcoinne daoine arna sainaithint ar bhonn cine, datha nó tionscnaimh náisiúnta nó eitnigh ar bhealach a chuireann an t-ord poiblí i mbaol agus atá ina bhagairt ar iomláine fhisiciúil na ndaoine thuasluaite, ar cion coiriúil é faoi Airteagal 1(1) de Dhlí na Gréige 927/1979, arna ionadú ag Airteagal 1 de Dhlí na Gréige 4285/2014;

D. de bhrí nach pribhléid phearsanta d'Fheisire í díolúine pharlaiminteach, ach is ráthaíocht í ar neamhspleáchas na Parlaiminte ina hiomláine agus a cuid Feisirí;

E. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir ([2]);

F. de bhrí go bhforáiltear in Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh nach bhfuil "Feisirí Pharlaimint na hEorpa inchurtha faoi aon saghas fiosrúcháin, coinneála ná imeachtaí dlíthiúla i leith tuairimí a thug siad nó vótaí a chaith siad ag comhlíonadh a ndualgas dóibh";

G. de bhrí go ndearna Ioannis Lagos na ráitis thuasluaite le linn seisiún iomlánach de Pharlaimint na hEorpa, laistigh de na limistéir ina raibh an suí iomlánach féin á stiúradh, agus a dhualgais mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa á gcomhlíonadh aige;

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra* v *De Gregorio agus Clemente*, C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch* v *Parlaimint na hEorpa*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C-163/10, ECLI:EU:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch* v *Parlaimint na hEorpa*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

([2]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, *Briois v Parlaimint na hEorpa* T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266.

Déardaoin 24. Márta 2022

H. de bhrí go ndearnadh ráitis Ioannis Lagos, dá bhrí sin, i gcomhthéacs a chuid dualgas mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa agus a chuid oibre sa Pharlaimint;

1. á chinneadh gan díolúine Ioannis Lagos a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údarás inniúil na Poblachta Heilléanaí agus chuig Ioannis Lagos.